An Lú

Brian Mac Cuarta Ardachaidh, Ó Meith

‘M’athair agus slat iascaireachta’

Chuir mo h-athair [mé] a bhuachailleacht lá amháin le mairt, bearach agus asail, siar i n-aice leis an abhainn. Ghoid mé slat iascaireacht' a bhí aige, agus siar liom agus thionntuigh mé cloch, fuair mé cnumhóg, chuir mé air a' dubhán é, isteach ionns a' pholl leis agus thlig mé breac maith amach air an fhéar.
Isteach leis aríst agus char stad mé go fhuair mé trí cinnidh mhaithe. Síos liom an abhainn gá ngabháil go tapaidh, char smaoinigh mé níos mó air na bá.
Tháinig comharsanach toigh s'againne agus scairt sí aig an doras, “Bhfeil aonduine istigh?” “Tá mise annseo,” a deir mo h-athair, “goidé tá contráilte?”
“Tá do chuid bá ionns a' choirce, agus tá creachraidh(?) aca.”
“Bhuel, chuir mise buachaill leobhtha le haghaidh a bhuachailleacht, agus b'fhéadtaidhe gur thuit sé 'na chodladh.”
“Deomhan codladh air, tá sé síos an abhainn, 'gabháilt breac le do slat.”
“Nuair a gheobhas mise greim air, brisfidh mé a muineál.”
Annsin thionntuigh mise thart, teacht abhaile. Chonnaic mo h-athair a' teacht mé.
“Nuair a gheobhas mise greim ort, brisfidh mé do mhuineál.”
Bhí h-eagla orm a theacht abhaile. Shuidh mé faoi sciathóg a bhí ionns a' pháirc agus air ball chonnaic mé mo h-athair a' teacht amach, 'cathamh a phíopa. Siar leis a' bhóthar, agus ghlac mise uchtach agus tháinig mé abhaile. Bhí fhios agam nach mbainfinn mo mháthair liom. Nuair a tháinig mé, chuir mé a' slat iascaireacht 'na seasamh taobh amuigh daen doras, suas le urla 'n toighe.
Bhí cearc 'gabháil thart agus duisín éanaí bheag léithe, agus chonnaic sí an cnumhóg air a' lín. Thug sí léim i n-áirde,

agus fhuair sí greim air a' chnumhóg, sháitht' a' dubhán ionna gháilleach. Bhí a theanga amuigh, croichte annsin.
Bhí na cinnidh beaga a' gabháil air buile air a' tsráid.
Tháinig mo mháthair amach agus scairt sí air dreathair dae mo chuid a bhí deánamh rud eighinteacht ionns a' pháirc,
“A' bhfacha tú an cearc a bhí leis na h-eanaí?”
“Chan fhachaidh,” a deir sé, “níl sé annseo.”
Thionntuigh sí thart agus chonnaic sí 'n cearc croichte, agus a' dubhán sháithe ionn a ghob. Scairt sí air a' bhuachaill, “tá an cearc marbh, rith go tapaidh.”
Tháinig sé siar agus thug sé cead a bealaigh don chearc agus...

Trascríofa ag Ciarán Ó Duibhín
www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/index.htm